Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Lúnasa 2021
(OR. en)

6604/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0247(COD)**

ELARG 3
COWEB 14
CFSP/PESC 183
RELEX 158
FIN 141
CADREFIN 94
POLGEN 29
MIGR 47
CODEC 280

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ag an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)<br>- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[1] faoi Cheannteideal 6 ('An Chomharsanacht agus an Domhan') den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

2. I bParlaimint na hEorpa, tá an comhad sannta don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh an 27 Márta 2019[2].

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim ag seisiún iomlánach an 12 Nollaig 2018[3] agus ghlac Coiste na Réigiún tuairim ag seisiún iomlánach an 5-6 Nollaig 2018[4].

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu an togra le linn Uachtaránacht na hOstaire[5] agus Uachtaránacht na Rómáine, agus tháinig an Chomhairle ar chomhaontú an 19 Márta 2019 maidir leis an gcur chuige ginearálta páirteach[6].

5. Leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020 bhí Coiste na mBuanionadaithe in ann sainordú caibidlíochta na Comhairle a thabhairt chun críche ag an seisiún a bhí aige an 28 Deireadh Fómhair 2020[7] tar éis tuilleadh plé a dhéanamh sa Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu faoi Uachtaránacht na Gearmáine.

6. Cuireadh tús le caibidlíocht idirinstitiúideach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Ionstraim atá beartaithe faoi Uachtaránacht na Fionlainne, agus leanadh den chaibidlíocht faoi Uachtaránacht na Cróite, na Gearmáine agus na Portaingéile.

---

1 10184/18 + ADD 1 + ADD 2
2 7802/19
3 15601/18
4 15622/18
5 15532/18
6 7539/19
7 12373/20

7. Tionóladh an cruinniú trípháirteach neamhfhoirmiúil deiridh an 2 Meitheamh 2021 agus thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach. Bhí gá le cruinnithe teicniúla breise i mí an Mheithimh 2021 chun an comhaontú a thiontú ina théacs reachtach agus chun roinnt sonraí a bhí fós gan réiteach a shocrú, ar dearbhaíodh iad i scríbhinn ina dhiaidh sin idir na comhreachtóirí.

8. An 14 Meitheamh 2021, cuireadh an comhaontú sealadach faoi bhráid chomhaltaí na Meithle um Méadú agus um Thíortha a bhfuil Aontachas le AE á chaibidil acu, agus ní dhearnadh aon agóid i gcoinne an téacs.

9. Dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach an 28 Meitheamh 2021[8].

10. Cuireadh an téacs sin faoi bhráid vóta dearbhaithe Choiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eachtracha [an 1 Iúil 2021. An […] Iúil 2021, shínigh Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) chun a chur in iúl, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil san fhoirm ina bhfuil sé san iarscríbhinn a ghabhann leis an litir sin, go molfadh sé do sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan leasú, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh ag Parlaimint na hEorpa.]

## II. CUSPÓIR

11. Is é is aidhm don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais ('IPA III') tacú leis na tairbhithe i nglacadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlí, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha a theastaíonn ó na tairbhithe sin, cloí le luachanna an Aontais agus chun iad féin a chur i gcomhréir de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais ('*acquis*') d'fhonn ballraíocht a ghlacadh amach anseo san Aontas, agus trína bhíthin sin cur lena gcobhsaíocht, lena slándáil, lena síocháin agus lena rathúnas comhpháirteach. Le IPA III áirithítear leanúnachas le IPA II (lena gcumhdaítear an tréimhse 2014-2020) agus comhlántacht le hionstraimí eile (go háirithe an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda) agus beartais eile de chuid an Aontais (e.g. maidir leis an athrú aeráide).

---

[8] 9890/21 + ADD1

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

12. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh ('luath-chomhaontú ar an dara léamh').

13. Léirítear le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach cothrom a baineadh amach sa chaibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar éascaigh an Coimisiún í.

14. Dírítear sa chomhaontú ar na gnéithe seo a leanas:

- tá gníomhaíochtaí faoi IPA III le maoiniú trí chur chuige téamach, chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag cúnamh ón Aontas, agus comhsheasmhacht, sineirgí agus comhlántachtaí le réimsí eile de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, le beartais agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, á n-áirithiú ag an am céanna;

- comhleanúnachas idir an cúnamh agus an creat beartais foriomlán um méadú, chomh maith le comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus comhleanúnachas á áirithiú agus dúbailt á seachaint idir an cúnamh a thugtar faoi IPA III agus cúnamh eile;

- tá cúnamh faoin Rialachán seo bunaithe ar chur chuige feidhmíochtbhunaithe agus ar phrionsabal an chion chothroim araon: déanfar é a dhifreáil maidir le raon feidhme agus déine de réir fheidhmíocht na dtairbhithe agus cuirfear riachtanais agus acmhainneachtaí na dtairbhithe sin san áireamh chun nach dtabharfaí leibhéal cúnaimh a bheadh íseal go díréireach i gcomparáid le tairbhithe eile;

- foráiltear go bhféadfaí raon feidhme agus déine an chúnaimh a mhodhnú i gcás ina mbeadh cúlchéimniú suntasach nó easpa leanúnach dul chun cinn á dhéanamh ag tairbhí sna bunréimsí (an smacht reachta agus cearta bunúsacha, institiúidí daonlathacha agus an t-athchóiriú riaracháin phoiblí maille le forbairt eacnamaíoch agus iomaíochas), lena n-áirítear trí na cistí a laghdú go comhréireach agus iad a atreorú, ar bhealaí nach gcuirfí as don tacaíocht do chearta bunúsacha a fheabhsú, do dhaonlathas agus don smacht reachta, lena n-áirítear tacaíocht don tsochaí shibhialta agus, i gcás inarb iomchuí, do chomhar le húdaráis áitiúla. I gcás ina bhfuil dul chun cinn ann an athuair, dhéanfaí an cúnamh a mhodhnú dá réir freisin le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na hiarrachtaí sin;

- bord sonrach straitéiseach i mbainistiú oibríochtaí CEFI+ do na Balcáin Thiar;

- infheictheacht an chistiúcháin ón Aontas ó fhaighteoirí an chistiúcháin sin a áirithiú, go háirithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn agus á dtuairisciú, trí bhéim a leagan ar an tacaíocht a fuarthas ón Aontas agus ar an tairbhe a bhaineann daoine as, ar bhealach infheicthe maidir le hábhar cumarsáide a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht faoin Rialachán seo; agus trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal ar bhealach straitéiseach;

- cothromaíocht idir forálacha nós imeachta na hIonstraime: comhaontaíodh go nglacfar doiciméid chlársceidealaithe trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha a leagan amach don chomhar, agus na tosaíochtaí téamacha don chúnamh agus liosta na bpríomhtháscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinní II, III agus IV a leasú;

- sainmhíniú na bpríomhtháscairí feidhmíochta atá le húsáid le gur féidir an dul chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí, ullmhacht na dtairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus rannchuidiú an Aontais le gnóthú cuspóirí sonracha IPA III (Iarscríbhinn IV), a thomhas;

- cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Rialacháin ón 1 Eanáir 2021 (aithris (36)).

## IV. CONCLÚID

15. Creideann an Chomhairle gur léiriú cothrom ar thoradh na caibidlíochta neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa le tacaíocht ón gCoimisiún é a seasamh ar an gcéad léamh agus go gcomhlíonfaidh an Rialachán nua, a luaithe a ghlacfar é, an cuspóir maoiniú éifeachtúil, comhleanúnach agus cuimsitheach ar Chúnamh Réamhaontachais a áirithiú.